

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1108 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Iúil 2021

**maidir le haitheantas a thabhairt do shocruithe na Stát Aontaithe i dtaca le hidirbhearta díorthach ar a ndearnadh maoirsiú leis an Board of Governors of the Federal Reserve System, Oifig Comptroller of the Currency, an Federal Deposit Insurance Corporation, an Farm Credit Administration agus an Federal Housing Finance Agency mar shocruithe atá coibhéseach le ceanglais áirithe Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le sásra lena dtugtar cumhacht don Choimisiún cinní coibhése a ghlacadh lena ndearbhaítear go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír coibhéseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4, 9, 10 agus 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ionas, i dtaca leis na contrapháirtithe a dhéanann idirbheart faoi raon feidhme an Rialacháin sin, i gcás ina mbeidh cearn amháin ar a laghad de na contrapháirtithe bunaithe sa tríú tír sin, go measfar go mbeidh na ceanglais sin comhlíonta ag na contrapháirtithe sin trí na ceanglais a leagtar amach i gcóras dlí na tíre sin a chomhlíonadh. Leis an dearbhú coibhése rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, mar atá an riosca sistéamach a laghdú, trédhearcacht mhargáí na ndíorthach a mhéadú trína áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach ar an leibhéal idirnáisiúnta na prionsabail a comhaontaíodh le tríú tíortha agus a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (2) Le hAirteagal 11(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán a fhorlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, bunáitear ceanglais dlí an Aontais maidir le conradh díorthach thar an gcuntar a dheimhniú go tráthúil, le feidhmiú comhbhrú punainne a dhéanamh agus leis na socruithe ar dá réir a dhéantar punanna a réiteach i ndáil le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach ("CPL"). Chomh maith leis sin, leagtar síos sna forálacha sin na hoibleagáidí luachála agus na hoibleagáidí réitigh díospóide is infheidhme maidir leis na conarthaí sin ("teicnící um maolú riosca oibríochtúil") chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le malartú comhthaobhachta ("éarlais") idir.
- (3) Chun go measfar córas dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír a bheith coibhéseach le córas dlí an Aontais i ndáil le teicnící um maolú riosca oibríochtúil agus ceanglais éarlaisí, ba cheart toradh substainteach na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme a bheith coibhéseach le ceanglais an Aontais faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus ba cheart cosaint a áirithiú don rúndacht ghairmiúil a bheadh coibhéseach leis an rúndacht ghairmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 83 den Rialachán. Thairis sin, ní mór na socruithe coibhéseacha dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach,

<sup>(1)</sup> IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le caighdeán theicniúla rialála maidir le socruithe imréitigh indíriú, an oibleagáid imréitigh, leis an gclár poiblí, le rochtain ar ionad trádála, le contrapháirtithe neamhairgeadais, agus le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11).

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeán theicniúla rialála maidir le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 340, 15.12.2016, lch. 9).

cothromasach agus neamhshaofa sa tríú tír sin. Dá bhrí sin, is cuid den mheasúnú ar choibhéis é a fhíorú cé acu a áiríthítear leis na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtríú tír nach bhfágтар margáí airgeadais san Aontas ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL agus a dhéanann ar a laghad contrapháirtí amháin atá bunaithe sa tríú tír sin agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca shistéamaigh atá neamh-inghlachta san Aontas leis na conarthaí díorthach thar an gcuntas sin.

- (4) An 1 Meán Fómhair 2013, fuair an Coimisiún comhairle theicniúil ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) maidir leis na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin sna Stáit Aontaithe (\*) go háirithe maidir leis na teicnící um maolú riosca oibríochtúil agus na héarlaisí is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL. Mar sin féin, sa chomhairle theicniúil ó ESMA, díriodh ar na rialacha a d'eisigh an Commodity Futures Trading Commission ("CFTC", údarás na Stát Aontaithe um rialú mhargadh na ndíorthach) agus an Securities and Exchange Commission ("SEC", coimisiún na n-idirbheart stocmhalaráin) agus níor cumhdaíodh na rialacha is infheidhme maidir le contrapháirtithe arna rialú ag an Board of Governors of the Federal Reserve System ("FRS", comhairle gobharnóirí an chúlchiste fheidearáligh), leis an Office of the Comptroller of the Currency ("OCC", oifig maoirseachta an airgeadra), leis an Federal Deposit Insurance Corporation ("FDIC", corparáid árachais na dtaiscí cónaidhmeacha), leis an Farm Credit Administration ("FCA", córas riaracháin an chreidmheasa talmhaíochta) agus leis an Federal Housing Finance Agency (an "FHFA", an ghníomhaireacht chónaidhmeach um maoiniú le haghaidh tithíochta) (dá ngairtear le chéile anseo feasta "rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe").
- (5) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na forbairtí rialála a tharla ó fuair sé comhairle theicniúil ESMA. Ní ar anailís chomparáideach ar na ceanglais dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme sna Stáit Aontaithe amháin a bhunaítear an Cinneadh seo, ach ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin freisin, agus ar a leordhóthanacht maidir leis na rioscaí a eascraíonn ó na conarthaí sin a mhaolú ar bhealach a mheastar a bheith coibhéiseach le toradh na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (6) Leagtar síos na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme i Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar i dteideal VII den Dodd Frank Wall Street Reform and Consumer Protection Act ("Acht Dodd-Frank") agus sna rialacha sonracha cur chun feidhme a ghlac rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe.
- (7) Níl aon riail choibhéiseach ann i leith na dteicnící um maolú riosca oibríochtúil is infheidhme maidir le díorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL faoin Dodd-Frank Act agus níl rialacha ná rialacháin eisithe ag rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe lena bhforchuirtear ceanglais choibhéiseacha. Dá bhrí sin, ní chumhdófar leis an gcinneadh seo na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme maidir le hidirbhearta díorthach thar an gcuntar a dhéantar idir contrapháirtí arna rialú ag rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe agus contrapháirtí atá bunaithe san Aontas agus atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus maidir le dearbhú tráthúil, comhbhrú punainne agus réiteach punainne, oibleagáidí luachála agus oibleagáidí réitigh díospóide.
- (8) San Aontas, de bhun Airteagal 11(3), is é mar atá i gcás conarthaí díorthach: is é mar atá i gcás conarthaí thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL, go bhfuil conarthaí den chineál sin faoi réir na hoibleagáide comhthaobhacht a mhalartú ("ceanglas éarlaise"). De bhun na rialach sin, ní mór do gach contrapháirtí éarlaisí athrúcháin a mhalartú agus, i gcás contrapháirtithe atá os cionn tairseach áirithe, ní mór do na contrapháirtithe sin éarlaisí tosaigh a mhalartú. Chun na críche sin, an riail a ghlac rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe mar a leagtar síos i dTeideal 12 den Code of Federal Regulations, i gCodanna 45 (i gcás OCC), 237 (i gcás FRS), 349 (i gcás FDIC), 624 (i gcás FCA) agus 1221 (i gcás FFA) faoi seach (dá ngairtear, dóibh uile le chéile Riail Éarlaisí Babhtála (riail éarlaisí maidir le babhtáil creidmheasa nó "Riail Éarlaisí Babhtála")), ní mór do gach contrapháirtí arna rialú ag rialtóir stuamachta de chuid na Stát Aontaithe í a chomhlíonadh.
- (9) Tá feidhm ag Riail Éarlaisí Babhtála maidir le babhtálacha, agus maidir le babhtálacha atá bunaithe ar shlándáil, a dhéantar idir eintitis bhabhtála faoi chumhdach ("CSEanna") agus eintitis bhabhtála eile, úsáideoirí airgeadais deiridh a bhfuil neamhchosaint acu ar bhabhtálacha ábhartha agus, go pointe áirithe, úsáideoirí airgeadais deiridh gan neamhchosaint ar bhabhtálacha ábhartha agus contrapháirtithe eile amhail flaithiúnais, bainc fhorbartha iltaobhacha nó an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta. Chun go mbeidh neamhchosaint ag eintiteas ar bhabhtálacha ábhartha, is gá go mbeadh ag an eintiteas sin suim is mó ná USD 8 mbilliún de mhéid barúlach comhiomlán laethúil meánach de dhíorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe, thar Mheitheamh, Iúil agus Lúnasa na bliana féilire roimhe sin, ach os a choinne sin, is é EUR 8 mbilliún an tairseach chomhchosúil a leagtar amach in Airteagal 28 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2016/2251. San Aontas, ní ghabhann tairseach ábharthachta leis an gceanglas maidir leis an éarlais athrúcháin a mhalartú, agus tá feidhm ag an gceanglas sin maidir leis na contrapháirtithe uile faoi réir Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Le rialacha an Riail Éarlaisí Babhtála, socraítear íosmhéid comhcheangailte aistrithe na héarlaise tosaigh agus na héarlaise athrúcháin ag USD 500 000, ach, os a choinne sin, is é EUR 500 000 an ceanglas ábhartha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2016/2251. Agus an teorainn atá leis an tionchar mar gheall ar an difríocht in airgeadraí á cur san áireamh, ba cheart a mheas gur méideanna coibhéiseacha iad na méideanna sin.

(\*) ESMA/2013/BS/1157, *Technical advice on third country regulatory equivalence under EMIR* [Comhairle theicniúil maidir le coibhéis rialála tríú tír faoi EMIR] — SAM, Tuarascáil deiridh, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí, an 1 Meán Fómhair 2013.

- (10) Tá feidhm ag ceanglais Riall Éarlaisí Babhtála maidir le “babhtálacha” mar a shainmhínítear iad i roinn 721 d’Acht Dodd-Frank agus maidir le “babhtálacha atá bunaithe ar shlándáil” mar a shainmhínítear i roinn 761 d’Acht Dodd-Frank, agus dá réir sin, cuimsítear faoi na ceanglais sin beagnach gach Conradh a shainítear mar dhíorthaigh thar an gcuntar i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 cé is moite d’idirbhearta réamh-mhalairte agus babhtálacha airgeadraí eachtracha, arae ní shocraítear aon cheanglas maidir leo siúd le Riall Éarlaisí Babhtála. Chomh maith leis sin, ní fhoráiltear sa Riall Éarlaisí Babhtála maidir leis an láimhseáil shonrach ar tháirgí struchtúraithe, agus áirítear leis sin táirgí struchtúraithe amhail bannaí faoi chumhdach agus urrúsuíthe. San Aontas, díolmhaítear babhtálacha airgeadraí eachtracha agus idirbhearta réamh-mhalairte ó cheanglais na n-éarlaisí tosaigh, agus féadfar díorthaigh a bhaineann le bannaí faoi chumhdach chun críoch fálaíthe a dhíolmhú freisin ó cheanglais éarlaise tosaigh. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ach amháin maidir le hidirbhearta díorthach thar an gcuntar atá faoi réir éarlaisí faoi dhlí an Aontais agus faoin Riall Éarlaisí Babhtála aron.
- (11) Na ceanglais sa Riall Éarlaisí Babhtála maidir le hÉarlais tosaigh a ríomh, tá siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ar nós Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, is féidir cur chuige caighdeánaithe a úsáid leis an Riall Éarlaisí Babhtála. Mar mhalairt rogha, féadfar samhlacha inmheánacha nó samhlacha tríú páirtí a úsáid le haghaidh an ríofa sin i gcás ina bhfuil paraiméadair shonracha áirithe sna samhlacha sin, lena n-áirítear íos-eatrainmh mhúiníne agus tréimhsí éarlaise faoi riosca, agus sonraí stairiúla áirithe, lena n-áirítear tréimhsí struis. Ní mór do rialtóir stuamachta ábhartha na Stát Aontaithe na samhlacha sin a fhorghnó.
- (12) Na ceanglais sa Riall Éarlaisí Babhtála maidir le comhthaobhacht incháilithe agus maidir leis an gcaoi a sealbhaítear agus a scartar an chomhthaobhacht sin, tá siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Tá liosta coibhéiseach de chomhthaobhachtaí incháilithe sa Riall Éarlaisí Babhtála. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil an Riall Éarlaisí Babhtála coibhéiseach leis na rialacha dá bhforáiltear faoi Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (13) Maidir le leibhéal coibhéiseach cosanta na rúndachta gairmiúla, sna Stáit Aontaithe, tá an fhaisnéis atá i seilbh na rialtóirí cónaidhmeacha faoi réir an Privacy Act ([An tAcht Um Phríobháideacht]) and the Freedom of Information Act [An tAcht um Shaoráil Faisnéise] (“FOIA”). Faoin FOIA, i mórchuid cásanna, ní mór do dhuine aonair nó d’eagraíocht bearta a dhéanamh chun a chinntiú go ndéileálfar ar bhonn rúnda leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach. Dá bhrí sin, leis an An tAcht Um Phríobháideacht agus an FOIA, tugtar ráthaíochtaí maidir leis an rúndacht ghairmiúil, lena n-áirítear cosaint a dhéanamh ar rúin ghnó a roinneann na húdaráis le tríú páirtithe, agus tá na ráthaíochtaí seo coibhéiseach leis na ráthaíochtaí a leagtar amach i dTeideal VIII de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart a mheas go ndéantar leibhéal coibhéiseach cosanta ar rúndacht ghairmiúil a sholáthar le ceanglais SAM mar a ráthaítear i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (14) Ar deireadh, maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach na socrúithe dlí i Stáit Aontaithe Mheiriceá, tá cumhachtaí leathana imscrúdaitheacha agus faireachais ag rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na nEintiteas Babhtála faoi Chumhdach leis an Riall Éarlaisí Babhtála. Is féidir le rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe raon leathan beart maoirseachta a dhéanamh chun deireadh a chur le haon sárú ar na ceanglais is infheidhme. Ina theannta sin, le creat dlíthiúil SAM, foráiltear maidir le pionóis shibhialta, lena n-áirítear ordúithe sriantacha sealadacha nó buana nó urghairí sriantacha sealadacha nó buana, agus fíneálacha, chomh maith le pionóis choiriúla, as sárúithe ar na ceanglais is infheidhme. Ba cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhforáiltear leis na bearta sin maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na socrúithe ábhartha dlí, rialála agus forfheidhmiúcháin faoi Acht Dodd-Frank, faoin Commodity Exchange Act, faoin Securities Exchange Act, faoin Riall Éarlaisí Babhtála chomh maith le Rialachán CFTC agus le SEC, i gcás inarb infheidhme, ar bhealach cothromasach agus neamhsaofa chun maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú.
- (15) Ag tráth glactha an Chinnidh, aithnítear sa Chinneadh seo coibhéis na gceanglas ceangailteach a bhí leagtha síos ag rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar is infheidhme. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go rialta, i gcomhar le ESMA, ar éabhlóid na socrúithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtaca leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin agus ar a gcur chun feidhme comhsheasmhach éifeachtach, maidir le deimhniú tráthúil, comhbhrú punainne agus réiteach punainne, luacháil, réiteach díospóidí agus na ceanglais éarlais is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar, nach bhfuil imréitithe ag CPL a ndearnadh an Cinneadh seo ina leith. Mar chuid d’iarrachtaí faireacháin an Choimisiúin, féadfar a iarraidh ar rialtóirí stuamachta na Stát Aontaithe faisnéis a sholáthar maidir le forbairtí rialála agus maoirseachta. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú sonrach a dhéanamh ar an dearbhú coibhéise a dheonaítear leis an gCinneadh seo. D’fhéadfadh sé go n-aisghairfí an Cinneadh seo a aisghairm de thoradh an athmheasúnaithe sin, rud a d’fhágfadh go huathoibríoch go mbeadh contrapháirtithe faoi réir na gceanglas uile a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Chun críocha Airteagal 13 (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis na socruithe dlíthiúla, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le malartú comhthaobhachta a bhfuil feidhm acu maidir le hidirbhearta a rialaítear mar “babhtálacha” mar a shainmhínítear i roinn 721 d’Acht Dodd-Frank, agus nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach, nó i gcás “babhtálacha urrúsbhunaithe”, mar a shainmhínítear i roinn 761 d’Acht Dodd-Frank, measfar go bhfuil siad coibhéiseach le ceanglais Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás ina bhfuil contrapháirtí amháin ar a laghad de na contrapháirtithe sna hidirbhearta sin bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an contrapháirtí sin áirithe mar Covered Swap Entity ag an Board of Governors of the Federal Reserve System (“FRS”), ag an Office of the Comptroller of the Currency (“OCC”), ag an Federal Deposit Insurance Corporation (“FDIC”), ag an Farm Credit Administration (“FCA”) nó ag an Federal Housing Finance Agency (“FHFA”), agus go bhfuil an contrapháirtí sin faoi réir an “Riail Éarlaisí Babhtála” a leagtar síos i dTeideal 12 den Code of Federal Regulations, i gCodanna 45 (i gcás OCC), 237 (i gcás FRS), 349 (i gcás FDIC), 624 (i gcás FCA) agus 1221 faoi seach (i gcás FFA) (dá ngairtear, dóibh uile le chéile, “Riail Éarlaisí Babhtála” nó “Swap Margin Rule”).

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---